Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

14905/22

LIMITE

FISC 227
ECOFIN 1177

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Tuarascáil Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach<br>- Formheas |

1. Iarradh ar an gComhairle (Ecofin) tuarascáil a thabhairt don Chomhairle Eorpach maidir le saincheisteanna éagsúla cánach mar a luadh, go háirithe sna conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta agus ó mhí an Mheithimh 2012, mí na Bealtaine 2013, mí na Nollag 2014 agus mí Dheireadh Fómhair 2017.

2. An 23 Samhain 2022 d'ullmhaigh agus chomhaontaigh an Mheitheal Ardleibhéal maidir le Cánachas dréacht-tuarascáil Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach lena cur faoi bhráid na Comhairle an 6 Nollaig 2022 trí Coreper. Comhaontaíodh freisin go ndéanfadh an Ardrúnaíocht na gnáth nuashonruithe fíorasacha (codanna idir lúibíní cearnacha) tar éis chruinniú na Comhairle sula n-eiseofaí an leagan deiridh den tuarascáil.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle (Ecofin) an tuarascáil mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é a fhormheas mar mhír A d'fhonn í a tharchur chuig an gComhairle Eorpach (an 15 agus an 16 Nollaig 2022).

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-TUARASCÁIL ECOFIN CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA CÁNACH**

## A. RÉAMHRÁ

1. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ón gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle le linn thréimhse Uachtaránacht na Seicia, chomh maith le forléargas ar an staid mar atá i ndáil leis na sainchomhaid is tábhachtaí atá faoi chaibidil i réimse an chánachais. Ullmhaíodh í ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) lena gcumhdaítear saincheisteanna beartais chothrománacha cánach atá ábhartha ar bhonn straitéiseach, i gcomhréir lena sainordú.

2. Léirítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hobair ábhartha na Comhairle agus cumhdaítear inti na saincheisteanna a luaitear i gconclúidí éagsúla ón gComhairle Eorpach ó 2012 i leith[1], an ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 25 Márta 2021[2], Conclúidí 2012[3] agus 2016[4] ón gComhairle i réimse CBL, na Conclúidí 2017 ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin chánachais ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh'[5], na Conclúidí 2020 ón gComhairle maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas Eorpach[6], mar aon leis na conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2020 maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin[7].

---

[1] EUCO 4/3/12 REV 3 (pointí 9 agus 21), EUCO 76/12, EUCO 75/1/13 REV 1, EUCO 14/17 (pointe 11), EUCO 10/20 (pointí A29 agus 147) agus EUCO 13/20.
[2] 18/21.
[3] 9586/12.
[4] 9494/16.
[5] 15175/17.
[6] 8482/20.
[7] 13350/20.

3. Lean Uachtaránacht na Seicia den obair ar phríomhchomhaid, lena n-áirítear trasuí an dara colún de Chreat-Ráiteas Cuimsitheach ECFE maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair, athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an Treoir Eoraifínéid a mhéid a bhaineann le cánachas feithiclí, athbhreithniú ar an gCód Iompair (Cánachas Gnó) agus nuashonruithe ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, togra DEBRA, chomh maith le togra le haghaidh Treoir chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc.

PUBLIC

4. Go sonrach, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:

a) [glactha][rinne sí tuilleadh dul chun cinn i ndáil le] an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas;

b) [tháinig sí ar chomhaontú polaitiúil maidir le] an togra le haghaidh Treorach lena leasaítear an Treoir Eoraifínéad a mhéid a bhaineann le cánachas feithiclí;

c) chomhaontaigh sí maidir le hathbhreithniú ar an gCód Iompair (Cánachas Gnó);

d) rinne sí dul chun cinn maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú); agus

e) chuir sí chun cinn an chaibidlíocht maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc.

5. Lean an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) freisin dá cuid oibre maidir leis na hábhair éagsúla a thagann faoina sainordú reatha, lena n-áirítear maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, mar a leagtar amach sa tuarascáil sé mhí uaithi[8]. Thug an Chomhairle liosta an Aontais cothrom le dáta an uair dheireanach an 4 Deireadh Fómhair 2022[9]. Tá eolas níos mionsonraithe faoi chomhaid aonair ar fáil thíos.

**8** 14674/22 + ADD 1-10.
**9** IO C 391, 12.10.2022, lgh. 2-5.

## B. REACHTAÍOCHT CHÁNACH AN AONTAIS

### 1) Cánachas díreach, lena n-áirítear cánachas corparáideach

*a) Íosleibhéal domhanda cánachais do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas ('Colún 2')*

PUBLIC

6. An 8 Deireadh Fómhair 2021, tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis ('an Creat Cuimsitheach') ar chomhaontú i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha idirnáisiúnta maidir le cáin a ghearradh ar bhrabúis na bhfiontar ilnáisiúnta. Chuir Ballstáit uile an Aontais in iúl go dtacaíonn siad leis an Ráiteas maidir le Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Sna conclúidí uaithi an 27 Samhain 2020, chuir an Chomhairle a tacaíocht leanúnach in iúl d'obair an Chreata Chuimsithigh.

7. An 22 Nollaig 2021, d'eisigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas[10]. Leis an togra seo léirítear go ginearálta, le hoiriúnuithe áirithe a cheanglaítear le dlí an Aontais, na rialacha samhla a glacadh leis an gCreat Cuimsitheach an 14 Nollaig 2021.

8. Tá achoimre ar an obair ullmhúcháin a rinneadh sa Chomhairle maidir leis an sainchomhad sin sa tuarascáil dheireanach ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le cúrsaí cánach[11]. Le linn Chomhairle Ecofin i mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2022 chuir na Ballstáit uile, seachas ceann amháin acu, in iúl go raibh siad in ann tacú le téacs comhréitigh na dréacht-treorach agus leis an dréachtráiteas ón gComhairle[12].

9. Lean Uachtaránacht na Seicia den obair agus den teagmháil dhéthaobhach chun an tacaíocht is gá a fháil ó na toscaireachtaí go léir don dréacht-Treoir, agus rinne na dlítheangeolaithe athbhreithniú ar dhréacht-téacs na Treorach[13].

---

[10] 15294/21.
[11] 10355/22, pointí 6 go 15.
[12] 10497/22.
[13] 8778/22.

10. [An 6 Nollaig 2022 ghlac an Chomhairle (Ecofin) an Treoir lena n-áirithítear íosleibhéal domhanda cánachais do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas, [in éineacht le ráiteas a ghabhann leis na miontuairiscí]][14]. [[An 6 Nollaig 2022 sa Chomhairle (Ecofin) bhí na Ballstáit uile [seachas ceann amháin acu] réidh le vótáil i bhfabhar ghlacadh na Treorach lena n-áirithítear íosleibhéal domhanda cánachais do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas.]

*b)* *<u>Mí-úsáid eintiteas caoch</u>*

11. An 22 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch)[15].

12. Is é cuspóir an togra seachaint cánach agus imghabháil cánach a chosc trí ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu, agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Is é is aidhm don togra dul i ngleic le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach míchuí agus a áirithiú nach bhféadfaidh cuideachtaí caocha san Aontas nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch acu nó a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch íosta acu tairbhe a bhaint as buntáistí cánach.

13. An 6 Eanáir 2022, sa Mheitheal Ardleibhéil, cuireadh an togra faoi bhráid na dtoscaireachtaí agus d'fhógair <u>Uachtaránacht na Fraince</u> go raibh sé ar intinn aici tús a chur leis an bplé sa Chomhairle maidir leis an gcomhad sin. Rinneadh an anailís theicniúil ar an togra sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas díreach) an 11 Márta, an 1 Aibreán, an 6 Bealtaine, an 23 Bealtaine agus an 9 Meitheamh 2022. Tugadh an chéad bhabhta den scrúdú ar an togra, airteagal ar airteagal, chun críche an 23 Bealtaine.

**14** [Tagairt le nuashonrú]
**15** 15296/21.



PUBLIC

14. Faoi Uachtaránacht na Seicia, leanadh den anailís theicniúil sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 11 Iúil, an 27 Meán Fómhair agus an 22 Samhain 2022. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an mbealach chun cinn a fhiosrú i ndáil le hiarmhairtí cánach agus tíolacadh téacsanna comhréitigh maidir le codanna den togra, ar nós eintitis nach bhfuil substaint íosta acu a shainaithint chomh maith le faisnéis a mhalartú. I bprionsabal, thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le cuspóirí an togra, ach bhí siad den tuairim go mbeidh gá le tuilleadh obair theicniúil thábhachtach sula bhféadfaí teacht ar chomhaontú.

PUBLIC

*c)* *Liúntas um Chlaontacht Fiachais-Cothromais a Laghdú (DEBRA)*

15. An 11 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críoch cánach ioncaim corparáidí. Is é is aidhm don togra cur i gcoinne dreasacht cánach a bheith ag cuideachtaí infheistíochtaí a mhaoiniú trí fhiachas seachas cothromas, i ngeall ar an deis a bheith ag cuideachtaí ús a ghabhann le maoiniú fiachais a asbhaint, ach ní na costais a bhaineann le maoiniú cothromais.

16. Cuireadh an togra i láthair na Meithle um Cheisteanna Cánach an 10 Meitheamh 2022. Dhírigh Uachtaránacht na Seicia trí chruinniú ar scrúdú airteagal ar airteagal ar an togra, rud a thug deis do na toscaireachtaí ceisteanna a chur ar an gCoimisiún maidir le feidhmiú an tsásra dá bhforáiltear sa togra le haghaidh Treorach. Cuireadh an scrúdú i gcrích an 15 Samhain 2022.

17. I bhfianaise an iliomad idirnasc le comhaid chánach corparáide eile, iad siúd atá á bplé faoi láthair sa Chomhairle agus iad siúd a d'fhógair an Coimisiún go luath ina Theachtaireacht maidir le cánachas gnó don 21ú haois, cuirfear an scrúdú ar thogra DEBRA ar fionraí agus, más iomchuí, dhéanfaí é a athmheasúnú laistigh de chomhthéacs níos leithne ach amháin tar éis tograí eile i réimse an chánachais ioncaim chorparáidigh a d'fhógair an Coimisiún a chur ar aghaidh.

## 2) Cánachas Indíreach

*a) Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (ETD)*

18. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[16], ('togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').

19. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[17], arb é is aidhm dó spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is éard atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha, ar tograí iad uile a spreagann an sprioc chéanna; aistriú cóir, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin.

20. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

a) creat oiriúnaithe a sholáthar a rannchuidíonn le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is éard a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;

b) creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus

c) an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

21. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 25 Samhain 2021, chuir Uachtaránacht na Slóivéine na toscaireachtaí ar an eolas faoi thorthaí na hoibre agus faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis an sainchomhad, agus i gcomhthéacs an phacáiste 'Oiriúnach do 55' freisin. An 7 Nollaig 2021, mar mhír 'A', thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir le tograí le haghaidh an phacáiste Oiriúnach do 55 a láimhseáil Comhairle Ecofin, lena n-áirítear an togra maidir le ETD[18].

---

**16** 10872/21.
**17** 10849/21.
**18** 14574/21.



PUBLIC

22. Leanadh den anailís theicniúil ar an togra faoi Uachtaránacht na Fraince. Cumhdaíodh an togra iomlán leis an anailís tar éis don obair a bheith roinnte sna ranna seo a leanas: a) raon feidhme táirgí inchánacha agus cur chuige an luacha fuinnimh, struchtúr na rátaí ag deireadh na hidirthréimhse, foinsí in-athnuaite; b) íosleibhéil chánachais agus luach na gcatagóirí fioscacha, struchtúr na rátaí in 2023, idirthréimhsí agus innéacsú; c) státchabhair agus iompar; d) tionsclaíocht, talmhaíocht, iascaireacht agus teaghlaigh. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach, thíolaic an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh páirteacha maidir le bloc a haon agus bloc a dó.

23. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra maidir le ETD[19].

24. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo, rinne Uachtaránacht na Seicia dianobair ar an togra maidir le ETD. Ba é an cuspóir a bhí aige an oiread dul chun cinn agus ab fhéidir a dhéanamh ar an gcomhad seo.

25. Ceann de na hábhair a pléadh i bPrág an 14 Iúil 2022 le linn na Meithle Ardleibhéil neamhfhoirmiúla ná 'Bearta cánach chun cur i gcoinne an bhorrtha ar praghsanna fuinnimh an Aontais faoi láthair'. Thug an plé sin cúlra luachmhar freisin i gcomhthéacs an phlé atá ar siúl faoi láthair i ndáil leis an togra maidir le ETD.

26. Rinneadh an scrúdú teicniúil ar an togra maidir le ETD ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 19 Iúil, an 12 Meán Fómhair, an 12 Deireadh Fómhair, an 10 Samhain agus an 17 Samhain 2022.

27. I mí Iúil 2022, thíolaic Uachtaránacht na Seicia téacs comhréitigh lena gcumhdaítear an togra iomlán maidir le ETD agus d'ullmhaigh sí téacsanna comhréitigh athbhreithnithe do na cruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cánach ina dhiaidh sin. Leagtar amach an téacs comhréitigh is déanaí ón uachtaránacht in WK 14524/2022.

[19] 9874/22.

PUBLIC

28. Thug Uachtaránacht na Seicia mínithe fairsinge don Mheitheal um Cheisteanna Cánach, lena n-áirítear i bhfoirm nótaí cúlra maidir le hábhair shonracha. Thug Uachtaránacht na Seicia aghaidh ar réimse leathan saincheisteanna a d'ardaigh na toscaireachtaí agus d'éirigh léi tuairimí a thabhairt le chéile agus teacht ar chomhréitigh, gan an bonn a bhaint de chuspóirí comhshaoil fadtéarmacha an Aontais ag an am céanna.

29. Thacaigh na toscaireachtaí, tríd is tríd, leis na hathruithe is mó a pléadh, ach ní raibh roinnt toscaireachtaí in ann tacú leis an téacs ón Uachtaránacht go fóill nó bhí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe acu. Dá bhrí sin, ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh chun teacht ar chomhréiteach maidir leis na saincheisteanna is íogaire atá fós gan réiteach.

30. [An 6 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (ECOFIN) faoin togra maidir le ETD chun treoir pholaitiúil a fháil maidir leis an mbealach chun cinn[20].]

*b)* *Cáin ar Idirbhearta Airgeadais (FTT)*

31. An 14 Feabhra 2013, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i réimse na cánach ar idirbhearta airgeadais.

32. Ag an gcéim seo, leanann 10 mBallstát de bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe i réimse FTT: An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn (dá ngairtear 'Ballstáit rannpháirteacha' anseo feasta).

33. Rinneadh achoimre ar phríomhghnéithe na caibidlíochta maidir leis an sainchomhad sin i dtuarascálacha 2019 agus 2020 ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach[21].

[20] 14736/22.
[21] 8891/20, pointí 67-70, 14863/19, pointí 104-110.



PUBLIC

34. Mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl ina conclúidí an 17 go dtí an 21 Iúil 2020[22] (pointe A29), *'Sna blianta atá amach romhainn, oibreoidh an tAontas i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras acmhainní dílse agus tabharfaidh sé isteach acmhainní dílse nua. […] … oibreoidh an tAontas, le linn an chéad CAI eile, i dtreo acmhainní dílse eile a thabhairt isteach, agus d'fhéadfadh Cáin ar Idirbhearta Airgeadais a bheith mar chuid de sin*.' I ndáil leis sin, shoiléirigh an Coimisiún[23] '*Más rud é go mbeidh comhaontú ann maidir leis an gCáin ar Idirbhearta Airgeadais seo, déanfaidh an Coimisiún togra chun ioncam ón gCáin seo ar Idirbhearta Airgeadais a aistriú chuig buiséad an Aontais mar acmhainn dhílis. Mura mbeidh aon chomhaontú ann faoi dheireadh 2022, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar mheasúnuithe tionchair, acmhainn dhílis nua a mholadh, bunaithe ar Cháin nua ar Idirbhearta Airgeadais. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na tograí sin a dhéanamh faoi mhí an Mheithimh 2024 ag féachaint lena dtabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2026.*'

35. Níltear ag súil go dtiocfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe ar chomhaontú maidir leis an sainchomhad sin faoi dheireadh 2022.

*c)* *<u>Cánachas Feithiclí</u>*

36. An 31 Bealtaine 2017, d'eisigh an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas feithiclí[24].

**22** EUCO 10/20.

**23** Féach rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2020 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go dtí 2027 (09970/2020 – C9-0409/2020-2018/0166(APP)), Dearbhú ón gCoimisiún maidir le hAcmhainn Dhílis bunaithe ar Cháin ar Idirbhearta Airgeadais a bhunú.

**24** 10175/17.



PUBLIC

37. Tíolacadh an togra mar aon le togra eile chun Treoir 1999/62/CE a leasú a mhéid a bhaineann le dolaí agus muirir ar úsáideoirí[25] mar chuid den chéad phacáiste soghluaisteachta. Le chéile, ba é a bhí i gceist leis an dá thogra sin cur i bhfeidhm cineáil muirearaithe ar bhóithre a chur chun cinn maidir leis an achar taistil chun oibríochtaí iompair de bhóthar atá níos glaine agus níos éifeachtúla a dhreasú. Cé gurbh é ab aidhm don togra i ndáil le dolaí agus muirir ar úsáideoirí an prionsabal maidir le muirearú bóithre a leathnú chun níos mó feithiclí a áireamh, deireadh a chur de réir a chéile le muirir ambhunaithe ('finéid') agus na modheolaíochtaí chun muirir a áireamh a dhéanamh níos simplí agus níos glaise ba é ba chuspóir don togra maidir le cánachas feithiclí raon feidhme níos mó a thairiscint chun cánacha feithiclí a ísliú trí na híosdálaí do na cánacha sin a laghdú de réir a chéile, mar a leagtar síos i dTreoir 1999/62/CE.

38. D'eisigh Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim maidir leis an togra maidir le cánachas feithiclí an 31 Eanáir 2018, d'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 2 Márta 2018 agus d'eisigh Parlaimint na hEorpa a tuairim an 4 Iúil 2018.

39. Ó glacadh an togra maidir le muirir bhóithre i mí an Mhárta 2022, chinn Uachtaránacht na Seicia leanúint den phlé ar an togra maidir le cánachas feithiclí earraí troma sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach, i bhfianaise bhunús dlí an togra (Airteagal 113 CFAE) agus phríomhábhar an togra (cánachas).

40. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach an togra i mí Mheán Fómhair agus dhá théacs comhréitigh ón Uachtaránacht i mí Dheireadh Fómhair. Is iad príomhghnéithe an téacs comhréitigh an idirthréimhse a scriosadh agus neart solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit chun rátaí cánach ar fheithiclí earraí troma a athrú chomh maith le clásal athbhreithnithe a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí an laghdaithe ar na cánacha íosta.

41. Thacaigh go leor Ballstát leis an téacs comhréitigh, ach ní raibh roinnt toscaireachtaí in ann tacú leis an téacs ón Uachtaránacht go fóill. Dá bhrí sin, cinneadh ag Comhairle Ecofin i mí na Samhna nach mór tuilleadh oibre a dhéanamh chun teacht ar chomhréiteach.

42. [Thángthas ar chomhaontú maidir leis an téacs ag Comhairle Ecofin i mí na Nollag].

[25] 9672/17.

## 3) An comhar riaracháin i réimse an chánachais

*a) DAC7 – An sásra 'múchta'*

43. Leis an Treoir maidir le Comhar Riaracháin i réimse an chánachais (DAC7)[26] leathnaítear raon feidhme an mhalartaithe uathoibríoch faisnéise idir údaráis chánach na mBallstát chuig an bhfaisnéis a thuairiscíonn ardáin dhigiteacha, faoi ioncam agus ioncaim na ndíoltóirí ar na hardáin sin. Tiocfaidh na rialacha nua maidir le hardáin dhigiteacha i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023. Beidh ar oibreoirí ardán an fhaisnéis a bhaileofar don bhliain féilire 2023 a thuairisciú faoin 31 Eanáir 2024. Chun tuairisciú dúbailte a dhíchur, tá rialacha in DAC7 lena gceadaítear 'múchadh' na n-oibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as DAC7 d'oibreoirí ardán nach bhfuil san Aontas, go bunúsach, i gcás ina gcinntear, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún, go bhfaigheann na Ballstáit faisnéis choibhéiseach ó thíortha nach bhfuil san Aontas mar a thuairiscigh na hoibreoirí ardán sin dá n-údaráis náisiúnta.

44. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 20 Meán Fómhair 2022, bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí maidir leis na gnéithe beartais a bhaineann leis an dul chun cinn atá déanta maidir le rialacha 'múchta' DAC7 a chur chun feidhme, agus ag cruinniú den Mheitheal Ardleibhéil an 27 Deireadh Fómhair 2022, thug an Coimisiún cothrom le dáta eolas iad maidir leis an obair leanúnach ar a ghníomh cur chun feidhme.

45. Sa chomhthéacs sin, ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 20 Meán Fómhair 2022, bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí freisin maidir leis an gcomhghaol idir rialacha DAC7 agus Comhaontú Iltaobhach na nÚdarás Inniúil maidir le Malartú Uathoibríoch Faisnéise maidir le hIoncam arna Shárú trí Ardáin Dhigiteacha (DPI MCAA). D'ullmhaigh ECFE DPI MCAA, tar éis do Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) na Rialacha Samhla maidir le Tuairisciú ag Oibreoirí Ardáin i ndáil le Díoltóirí sa Gheilleagar Comhroinnte agus Poistíneachta a fhormheas an 29 Meitheamh 2020.

---

[26] Treoir (AE) 2021/514 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L 104, 25.3.2021, lch. 1).

*b)* *Malartú uathoibríoch faisnéise i réimse an chánachais le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad*

46. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 17 Samhain, bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí maidir le staid na himeartha, rioscaí agus deiseanna i réimse an mhalartaithe faisnéise cánach le tíortha nach bhfuil san Aontas, inar cumhdaíodh freisin gnéithe a bhaineann leis an gcreat um chosaint sonraí pearsanta agus a chomhghaolmhaireacht leis an obair reachtach maidir le comhar idirnáisiúnta riaracháin. Sa chomhthéacs sin, mhalartaigh na toscaireachtaí a dtuairimí ginearálta maidir leis na réimsí ar gá aird ar leith a thabhairt orthu chun feidhmiú leanúnach an chórais malartaithe idirnáisiúnta faisnéise le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad a áirithiú, rud atá riachtanach ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail.

47. Pléadh an méid sin ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 25 Samhain. Tá an obair sin, a bhfuiltear le leanúint léi, ina hobair leantach freisin ar an bplé a rinneadh roimhe seo, le linn téarmaí na hUachtaránachta le déanaí[27].

48. I bhfianaise an mhéid sin, is iomchuí go leanfadh na Ballstáit agus an Coimisiún dá n-anailís sa réimse seo agus go bhfiosróidís bealaí agus féidearthachtaí le haghaidh tuilleadh comhordaithe a d’fhéadfaí a shainaithint i réimsí dhlíthe náisiúnta na mBallstát, reachtaíocht an Aontais agus an chomhthéacs idirnáisiúnta níos leithne a bhaineann le hionstraimí maidir le malartú uathoibríoch faisnéise le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad. Ba cheart leanúint den obair sin, ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Cánach freisin, de réir mar is gá.

[27] 9970/21, pointí 81 – 82; 14651/21, pointí 50 – 59.



PUBLIC

*c)* *Comhar riaracháin le tíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad i réimse CBL*

49. Ag an gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 15 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

a) cuirfear tús ag deireadh mhí Mheán Fómhair leis an gcaibidlíocht (ar bhonn an údaraithe agus na dtreoracha caibidlíochta arna nglacadh ag an gComhairle)[28] le húdaráis na hIorua chun an comhaontú maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha a leasú. Meastar go dtabharfar an chaibidlíocht sin chun críche faoi dheireadh 2022 nó faoi thús 2023.

b) staid na himeartha i ndáil leis na teagmhálacha tosaigh le húdaráis na Seapáine, a mhéid a bhaineann le deiseanna chun tuilleadh oibre a dhéanamh i dtreo comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha, go háirithe maidir leis an gcalaois a chomhrac i réimse na ríomhthráchtála.

c) caibidlíocht le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, ag féachaint do Mheabhrán Comhthuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche (creat comhoibrithe riaracháin a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo idir an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne i réimse CBL)[29]. Thug an Coimisiún le fios go bhfuil an chaibidlíocht sin ar feitheamh faoi láthair.

PUBLIC

---

**28** Cinneadh (AE) 2022/1311 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (IO L 198, 27.7.2022, lch. 14) agus 9643/22.

**29** An 10 Márta 2021, d’fhormheas an Chomhairle, le roinnt barúlacha (CM 1978/21 LIMITE, le tuilleadh sonraí a leagtar amach in ST 6351/21 LIMITE) go rachadh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise Meamram Tuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche.

50. Meabhraítear, maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha a chaibidil agus a thabhairt i gcrích faoi dhlí an Aontais (amhail an Meabhrán Tuisceana thuasluaite), agus i gcomhréir le ceanglais an Chonartha ar an Aontas Eorpach (Airteagal 16(1) CAE go háirithe), go bhfuil sé de shaincheart ag an gComhairle i gcónaí beartais a cheapadh. Dá bhrí sin is faoin gComhairle atá sé measúnú a dhéanamh an chun leas an Aontais é dul i mbun plé den sórt sin (caibidlíocht) maidir le hionstraim neamhcheangailteach fhéideartha. Thairis sin, tar éis bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-660/13 (MoU na hEilvéise), chomhaontaigh Ard-Rúnaithe na Comhairle, an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, in 2017, maidir leis na Socruithe le haghaidh ionstraimí neamhcheangailteacha[30]. Tá feidhm ag na Socruithe sin maidir leis na hionstraimí neamhcheangailteacha uile is cuma cén réimse beartais agus cé a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas sa chaibidlíocht leis an tríú páirtí nó na tríú páirtithe agus gan beann ar a n-ainmníocht nó ar a bhfoirm. Tuigtear go leanfaidh an Coimisiún de na Ballstáit a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir leis an dul chun cinn sa chaibidlíocht sin (lena n-áirítear maidir le teagmhálacha breise le tíortha nach tíortha den Aontas iad sa réimse seo), agus go bhfillfidh sé ar an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú na Comhairle a lorg, i gcomhréir le dlí an Aontais, maidir le síniú na hionstraime neamhcheangailteacha thar ceann an Aontais.

*d)* *<u>Rialachán maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil</u>*

51. Le Rialachán (AE) Uimh. 389/2012[31] ón gComhairle, leagtar síos an bunús dlí le haghaidh comhar riaracháin idir na Ballstáit i réimse na ndleachtanna máil. I gcomhthéacs an chomhair riaracháin, malartaíonn na Ballstáit faoi láthair sonraí oibreoirí eacnamaíocha a áirítear i gcláir náisiúnta trí chóras ríomhairithe a bhfuil clár lárnach arna oibriú ag an gCoimisiún a úsáid, ach maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha a aistríonn earraí faoi 'fionraí dleachta' agus maidir leis na hoibreoirí sin amháin.

[30] 15367/17.

[31] Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n–aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1).



PUBLIC

52. Faoi Chaibidil V de Threoir 2020/262 ón gComhairle[32], ón 13 Feabhra 2023 i leith úsáidfear an córas ríomhairithe sin freisin le haghaidh gluaiseachtaí 'dleacht íoctha'. Chun an nós imeachta maidir le sonraí oibreoirí eacnamaíocha a ghluaiseann earraí faoi 'fionraí dleachta' a ailíniú leis an nós imeachta le haghaidh earraí faoi 'dleacht íoctha',
an 24 Deireadh Fómhair 2022[33] thíolaic an Coimisiún togra chun an Rialachán maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil ó 2012 a leasú.

PUBLIC

53. Faoi Uachtaránacht na Seicia thángthas ar chomhaontú ar leibhéal na meithle, agus tugadh an comhairliúchán leis an bParlaimint agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa chun críche. Táthar ag súil go nglacfaidh an Chomhairle na leasuithe atá beartaithe faoi dheireadh mhí Eanáir 2023.

*e) Clár Fiscalis don chomhar i réimse an chánachais*

54. Is é is aidhm don chlár Fiscalis tacú le húdaráis chánach feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, iomaíochas a chothú, calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus bailiú cánach a fheabhsú. Le Rialachán (AE) 2021/847 lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú. I mí Lúnasa 2022 chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe ábhartha[34] faoi bhráid na Comhairle agus ní dhearna na toscaireachtaí agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe sin.

---

[32] Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).
[33] 13979/22.
[34] 12055/22 + ADD 1.

## C. COMHORDÚ NA mBEARTAS CÁNACH (gníomhaíochtaí neamhreachtacha)

Tugadh chun cinn obair thábhachtach i réimse chomhordú na mbeartas cánach (lasmuigh de raon feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse na cánach), mar a leagtar amach thíos.

PUBLIC

### 1) An Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó)

55. Tháinig an Mheitheal um an gCód Iompair le chéile an 20 Meán Fómhair, an 24 Deireadh Fómhair agus an 23 Samhain 2022; tionóladh an foghrúpa maidir le saincheisteanna inmheánacha/seachtracha an 6 Iúil, an 9 agus an 15 Meán Fómhair, an 24 Deireadh Fómhair agus an 15 Samhain 2022.

56. D’fhormheas an Chomhairle an t-athbhreithniú leathbhliantúil ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach an 4 Deireadh Fómhair 2022, agus foilsíodh é san *Iris Oifigiúil* ar an 12 Deireadh Fómhair 2022[35].

57. Cé is moite den ghnáthobair, rinne Uachtaránacht na Seicia, i gcomhar le Cathaoirleach na Meithle um an gCód Iompair, roinnt plé déthaobhach maidir leis an athbhreithniú ar an gCód Iompair (Cánachas Gnó), nár thángthas ar chomhaontú d’aon toil ina leith ag Comhairle Ecofin i mí na Nollag 2021. I mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir Uachtaránacht na Seicia dréachtchonclúidí ón gComhairle síos maidir le hathbhreithniú ar an gCód Iompair (Cánachas Gnó), agus diúltaíodh roinnt athruithe ar an téacs i mí na Nollag 2021. Maidir leis an téacs comhréitigh sin ón Uachtaránacht, thángthas ar chomhaontú sealadach ag an bhFoghrúpa maidir le saincheisteanna inmheánacha agus seachtracha. Dheimhnigh an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) an comhaontú sin ina dhiaidh sin, agus cuireadh an téacs comhaontaithe faoi bhráid na Comhairle trí Coreper ina dhiaidh sin agus d’fhormheas Ecofin é an 8 Samhain 2022. Is féidir teacht ar thuarascáil níos fairsinge sa tuarascáil leathbhliantúil ón Meitheal um an gCód Iompair[36].

### 2) Fogha na Rúise faoin Úcráin

58. I bhfianaise fhogha na Rúise faoin Úcráin le rannpháirtíocht na Bealarúise, rinne an Mheitheal um Cheisteanna Cánach scrúdú ar roinnt beart a d’fhéadfadh na Ballstáit a shaothrú chun tacú le bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme agus a n-imchéimniú a chosc trí ionstraimí comhair chánach.

---

[35] IO C 391, 12.10.2022, lgh. 2-5.
[36] 14674/22.

59. Ar an gcéad dul síos, chinn na Ballstáit deireadh a chur le gach malartú faisnéise chun críoch cánach le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis. Ar an dara dul síos, scrúdaigh na Ballstáit roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar úsáid an chomhair riaracháin agus ionstraimí eile i réimse na cánach i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na mbeart sriantach.

PUBLIC

60. Sa chomhthéacs sin, chinn an Mheitheal um Cheisteanna Cánach faireachán a dhéanamh ar thuilleadh forbairtí maidir leis na bearta sin, [lena n-áirítear an obair a dhéanfar laistigh den ardán sealadach a chruthaigh an Coimisiún an 3 Meitheamh 2022, i bhfoirm foghrúpa maidir le forfheidhmiú cánach laistigh den Tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú'].

61. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 27 Deireadh Fómhair, thug na toscaireachtaí dá n-aire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le hobair an fhoghrúpa sin.

62. Ag an gcruinniú céanna, tionóladh plé freisin maidir le stádas cónaí chun críoch cánach thairbhithe Úcránacha na cosanta sealadaí atá fós ag obair go cianda do chuideachtaí na hÚcráine. Le linn shamhradh 2022, d'iarr údaráis na hÚcráine go gcabhrófaí le caillteanais shuntasacha ioncaim chánach don Úcráin a sheachaint mar thoradh ar chónaí chun críoch cánach a bheith á dheonú ag Ballstáit an Aontais do dhídeanaithe ón Úcráin, cé go raibh na náisiúnaigh Úcránacha sin fós ag obair go cianda do chuideachtaí na hÚcráine.

63. Ar bhonn páipéar leathoifigiúil ó sheirbhísí an Choimisiúin, phléigh na toscaireachtaí roinnt roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an staid.

64. Aontaíonn na Ballstáit go bhfuil sé tábhachtach tacú leis an Úcráin, tar éis easáitiú shaoránaigh na hÚcráine mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Meabhraíonn na Ballstáit dóibh comhthéacs níos leithne na ngníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais airgeadais na hÚcráine. Aontaíonn na Ballstáit freisin go bhféadfaí bearta a mheas chun na himpleachtaí diúltacha cánach ioncaim don Úcráin a íoslaghdú maidir leis an líon mór tairbhithe ón Úcráin faoi chosaint shealadach, go háirithe maidir le fostaithe a leanann de bheith ag obair go cianda do chuideachtaí atá lonnaithe san Úcráin, de réir mar is iomchuí.

**3) A bhfuil ag titim amach ar bhonn idirnáisiúnta**

65. Cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí idirnáisiúnta ábhartha i réimse an bheartais cánach, go háirithe i ndáil le cruinnithe Airí Airgeadais G20 agus cruinnithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)/G20 maidir le BEPS.

PUBLIC

66. Cuireadh saincheisteanna a bhaineann leis an Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach de chuid na Stát Aontaithe (FATCA) faoi bhráid na dtoscaireachtaí go rialta ag cruinnithe den Mheitheal Ardleibhéil. I mí Dheireadh Fómhair 2022, ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh le linn na dtéarmaí Uachtaránachta roimhe seo, bhí físchomhdháil neamhfhoirmiúil ag Uachtaránacht na Seicia le Roinn Státchiste na Stát Aontaithe maidir le FATCA ar an leibhéal teicniúil, ag díriú ar cheist na Meiriceánaigh de thaisme, mar a thugtar uirthi, lena n-áirítear an fhadhb a bhaineann le tuilleadh treorach a fháil ón tSeirbhís Ioncaim Inmheánach agus ón Roinn Státchiste chun cosc a chur ar dhúnadh cuntas bainc na Meiriceánach de thaisme san Aontas. I mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir Uachtaránacht na Seicia an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoin gcruinniú sin agus phléigh sí an bealach chun cinn. Tá teagmháil ar siúl ar bhonn leanúnach le húdaráis na Stát Aontaithe agus beartaítear tuilleadh cruinnithe neamhfhoirmiúla le contrapháirtithe na Stát Aontaithe.

**4) Cáin i réimsí neamhchánach (TINTA)**

67. An 19 Samhain 2013, chomhaontaigh an Mheitheal Ardleibhéil gur cheart forálacha cánach i gcomhaid neamhchánach as a dtagann aon athruithe ar dhlíthe cánach nó ar chleachtais riaracháin na mBallstát nó a mbeadh iarmhairtí eile acu ar chánachas teacht faoi 'sásra foláirimh neamhfhoirmiúil'. Tá an cur chuige córasach a bhaineann leis na cásanna sin a chur faoi bhráid na saineolaithe cánach, le tacaíocht ón Ardrúnaíocht, fós á áirithiú go dtugtar foláireamh do na Ballstáit go tráthúil, lena n-áirítear maidir le hidirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha. Áirítear ar na saincheisteanna a ndearna an Mheitheal Ardleibhéil faireachán orthu an Rialachán ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh agus an obair leantach ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.